

Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

# Ráiteas straitéise 2011-2014

# RÁITEAS MISIN

Is é misean na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála luachanna, leasanna agus dea-bhail eacnamaíochta na hÉireann agus muintir na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint thar lear.

# CLÁR NA nÁBHAR

RÁITEAS MISIN ........ 2
CLÁR NA nÁBHAR ........ 3
RÉAMHRÁ ÓN TÁNAISTE AGUS AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA, AN tUASAL EAMON GILMORE T.D. ...... 4
CUID 2: AG SEACHADADH ÁR N-AIDHMEANNA ........ 19
*IARSCRÍBHINN 1: SAINCHEISTEANNA TRASRANNACH* ........ 21
*IARSCRÍBHINN 2: STRUCHTÚR EAGREACHTÚIL* ........ 25
*IARSCRÍBHINN 3: SUÍOMHANNA MISIN DIOPLÓMAITICIÚLA* ........ 29
*IARSCRÍBHINN 4: TIOMANTAIS BAINTEACH LEIS AN RGET SA CHLÁR RIALTAIS 2011-2016* ........ 32

**RÉAMHRÁ ÓN TÁNAISTE AGUS AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA, AN tUASAL EAMON GILMORE T.D.**

Is é aidhm ár ráiteas straitéise trí bliana aidhmeanna ardleibhéil na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a leagan amach i mbealach soiléir agus inrochtana agus sa bhealach ina molaimid iad a bhaint amach.

Is éard a bheidh sa tréimhse 2011 go 2014 ná tréimhse ina mbeidh fócas gníomhaíocht rialtais ar athnuachan eacnamaíoch trí fhás agus infheistíocht inbhuanaithe a chur chun cinn. Beidh an ról ceannaireachta ag an Roinn i gcomhoibriú dlúth leis na hÁisíneachtaí Stáit, gnó Éireannach agus an Líonra Éireannach Domhanda chun an diminsean idirnáisiúnta fás eacnamaíoch na hÉireann a chothú. Cuirfidh forthorthaí an dara Fóram Eacnamaíoch Éireannach Domhanda spreagadh tábhachtach ar fáil don obair seo. Beidh ár líonra um misin dioplómaitiúla gníomhach maidir le hÉirinn a bheith oscailte do ghnó, ina ceann scribe d'infheistíocht, ag tógáil caidrimh thrádála agus deiseanna a aithint do sheirbhísí a easpórtáil, a chur chun cinn. Oibreoidh siad freisin chun ár gcáil idirnáisiúnta a athbhunú trína chinntiú go gcuirtear eolas cruinn faoinár mbearta diongbháilte an eacnamaíocht a athnuachan agus na leasanna a bhaineann le gnó a dhéanamh in Éirinn ar fáil do príomhlucht déanta cinní idirnáisiúnta agus múinleoirí meoin.

Ní mór nach staonfar muid ónár luachanna traidisiúnta agus ónár ról sa domhan ag an ngéarchéim eacnamaíoch dhomhanda. Leanfaidh Éire ag tacú le Náisiúin Aontaithe láidir agus ról gníomhach a imirt maidir le síocháin a choimeád agus iarrachtaí i dtreo leasaithe na NA agus imreoimid ár bpáirt iomlán freagairt do na dúshláin mhóra dhomhanda i ndáil le síocháin agus slandáil a chaomhnú cearta daonna a chosaint agus fáil réidh le hocras.

Tá an rialtas tiomanta go láidir le hÉirinn a choinneáil ag croí na hEorpa agus chun leasa riachtanacha na hÉireann a chosaint. Oibreoimid chun seasamh na hÉireann mar pháirtnéir inchiallaithe san Eoraip agus dul i mbun réimse iomlán tosaíochtaí polasaí san Aontas tríd an líonra misin agus i ndlúthchaidreamh le ranna eile. Táimid ag ullmhú go gníomhach dár nUachtaránacht an AE i 2013 agus tá muinín agam go mbeidh sí an-rathúil mar a bhí gach Uachtaránacht Éireannach roimhe seo.

Leanfar le síocháin agus cobhsaíocht a chothú inár n-oileán agus a bhfuil bainte amach ag Comhaontas Aoine an Chéasta a dhaingniú mar chuid lárnach dár gcuid oibre. Leanfaimid ag cothú athmhuintearais agus deiseanna a fhorbairt do chomhoibriú Thuaidh -Theas chun leasa an dá chuid den oileán seo araon. Rachaimid go láidir i gcoinne aon iarrachtaí uathu siúd a iarrann dochar a dhéanamh don phróiseas síochána agus an dul chun cinn suntasach déanta go dáta.

Léireofar ár dtiomantas do réiteach coinbhleachta, faoi spreagadh i bpáirt trínár gcuid taithí ar an oileán seo, nuair a ghlacfaidh Éire Cathaoir na hEagraíochta um Shlandáil agus Comhoibriú san Eoraip i 2012. Ní spárálfaimid aon iarracht chun ár ndícheall a dhéanamh páirt shuntasach a ghlacadh chun roinnt choimhlintí atá ag fanacht linn fós a réiteach.

Leanfaidh an clár Cúnamh na hÉireann ar aghaidh le bheith ina ghné riachtanach de pholasaí eachtrach na hÉireann. Tá aitheantas idirnáisiúnta ar an gclár mar cheann de na cláir is mó éifeachtaí sa domhan. Fanfaidh an Afraic ag croí ár dtiomantais chun forbartha, go háirithe trí Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach agus deireadh a chur le hocras. Beidh an Roinn ag coinniú le Straitéis na hAfraice deartha chun deiseanna trádála agus infheistíochta leis an mór-roinn seo atá ag forbairt go sciobtha a thógáil.

Coimeádaimid dlúthchaidrimh le cairde traidisiúnta eile, mar na Stáit Aontaithe, Ceanada, An Astráil, Nua-Shéalainn agus An Airgintín ina bhfuil cultúr, stair agus traidisiúin na hÉireann mar chuid dár n-oidhreacht roinnte. Tá láthair Éireannach atá beag ach ag fás sna cumhachtaí éiritheacha mar an tSín, An Ind, An Bhrasaíl agus An Rúis chomh

maith lena lán de na tíortha sin lena bhfuil deachaidrimh láidre bunaithe ar dhlúthnaisc thrádála eacnamaíocha agus luachanna roinnte.

Is tosaíocht í tacaíocht agus cosaint do shaoránaigh thar lear domsa agus do mo Roinn araon. Déanaimid iarracht i gcónaí córais a fheabhsú chun tacaíocht éigeandála a chur ar fáil mar fhreagairt ar éigeandálacha chomh maith le riachtanais an tsaoránaigh aonair ag taisteal thar lear. Leanaimíd orainn ag cur seirbhís pas ar fáil atá nua-aimseartha agus slán agus a fhreagraíonn do riachtanais na saoránach.

Níl aon dabht faoi ach go mbeidh neart dúshlán roimh an Roinn agus an tír san tréimhse trí bliana seo romhainn. Tá muinín agam, áfach, go nglacfaidh an Roinn an cur chuige lán chomh proifisiúnta céanna is a ghlac sí le tabhairt faoi agus le sárú na ndúshlán a bhí roimpi cheana agus go mbeidh a foireann dhilís in Éirinn agus ar fud na cruinne chun tosaigh sna hiarrachtaí cur i bhfeidhm tosaíochtaí an Rialtais maidir le hathnuachan eacnamaíoch agus cur le dul chun cinn na tíre sa todhchaí.

Táim ag tnúth in éineacht le mo chomhghleacaithe Aireachta Lucinda Creighton T.D. Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha agus Joe Costello T.D. Aire Stáit do Thrádáil agus Forbairt le bheith ag obair le foireann na Roinne sa bhaile agus thar lear chun dúshláin na chéad trí bliana eile a chomhlíonadh.

Eamon Gilmore T.D.

**Tánaiste agus Aire do Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil**

**RÉAMHRÁ ÓN ARD-RÚNAÍ**

Leagtar amach sa ráiteas Straitéise na dúshláin agus deiseanna os comhair na Roinne sna trí bliana le teacht agus imlíníonn conas atá i gceist againn coinneáil leo. Léiríonn sé toradh scrúdaithe ón mbun aníos chun éifeachtúlachtaí inár n-ionadaíocht sheachtrach a aithint agus struchtúir Cheanncheathrún na Roinne a athchumrú. Is é aidhm na hoibre seo ná féachaint ar conas agus cá háit ab fhearr don Roinn a cuid acmhainní atá ar fáil di a imlonnú agus conas ab fhéidir toradh inbhuanaithe a fháil ó na hacmhainní sin.

Is é príomhacmhainn na Roinne seo ná cumas, gairmiúlacht agus tiomantas a cuid foirne, atá imlonnaithe in Éirinn agus inár misin ar fud an domhain araon. Tá taifead againn ar sheirbhís san am atá caite don Stát i laethanta deacra agus tá iontaoibh agam go léireoidh ár bhfreagairt do dheacrachtaí reatha na hÉireann arís eile gach is fearr a bhaineann le státseirbhís na hÉireann. Chonacthas é seo ní hamháin i scéalta rathúla le déanaí foilsithe go forleathan mar chuairteanna na Banríona Éilíse agus Uachtarán Obama agus cruinniú Fóram na hÉireann ag Caisleán Bhaile Átha Cliath ach freisin i ngnás laethúil um aire a thabhairt do shaoránaigh in anachair thar lear ag tabhairt cúnamh éifeachtach do lucht ocrais agus boichte an domhain agus ag deimhniú go gcloistear guth na hÉireann san Aontas Eorpach agus sna Náisiúin Aontaithe.

Ciallóidh an gá le caiteachas Rialtais a laghdú agus na laghduithe dá bharr ar fhoirne agus acmhainní go mbeidh an Roinn agus a cuid oifigeach sínte i gcaoi nár tharla riamh cheana thar na blianta le teacht inár gcuid iarrachtaí comhlíonadh lenár bhfreagrachtaí atá ag méadú don Stát agus dá chuid saoránach. Leanfaimid ag iarraidh ár bhfeidhmíocht a uasmhéadú trínár dtiomantas pearsanta agus trí ath-imlonnú acmhainní solúbtha chun freagairt ar thosaíochtaí atá ag athrú agus chun freastal ar mhórimeachtaí. Téimid i mbun clár oibre athraithe níos leithne sa tseirbhís phoiblí.

Beidh ról líne thosaigh ag an Roinn i bhfeachtas an Rialtais eacnamaíocht na hÉireann a athbheochan agus ár gcáil a athbhunú. Glacfaimid ceannaireacht agus déanfaimid diminsean idirnáisiúnta athnuachan eacnamaíoch na hÉireann a chomhordú trí thógáil ar ár gcaidrimh le comhpháirtithe agus institiúidí idirnáisiúnta agus trí thionchar agus acmhainní eile phobail na hÉireann agus cairde ar fud an domhain a ghiaráil. Bainfimid úsáid iomlán as ár ról nua-aitheanta agus leathnaithe i ndul chun cinn trádála, i ndlúthchomhoibriú le Ranna eile, na hÁisíneachtaí Stáit agus gnó na hÉireann agus féachaint ar fhoinsí nua trádála agus infheistíochta.

Thar na hocht mí dhéag le teacht tiocfaidh Éire chun suntasacht domhanda mar Chathaoir na hEagraíochta um Shlandáil agus Comhoibriú san Eoraip i 2012 agus mar Uachtaránacht an AE sa chéad leath de 2013. Is deiseanna iad sin chun a thaispeáint don domhan nach ndéanfaidh ár ndeacrachtaí reatha ár dtiomantas láidir d'iltaobhachas agus ár ndearbhú obair a dhéanamh ar son todhchaí níos fearr don uile dhuine a lagú.

Léiríonn ár líonra beag misin dioplómaitiúla agus oifigí réise domhanda leasa agus cúraim na hÉireann. Is acmhainn iad ár nAmbasáidí agus Consalachtaí don Rialtas go léir agus do shaoránaigh na hÉireann chomh maith agus feicfear iad ag seachadadh rannpháirtíocht shuntasach do chuspóirí roinnte trasna an Rialtais. Ní oibríonn siad ina n-aonar leasa na hÉireann a chur chun cinn. Tá dlúthchomhoibriú le hoifigí na nÁisíneachtaí Stáit thar lear agus le Ranna Rialtais eile sa bhaile agus le heagraíochtaí neamhrialtais agus grúpaí leasmhara eile chomh maith. Thar na chéad trí bliana le teacht méadófar ar an gcomhoibriú seo agus tá struchtúir á gcur i bhfeidhm chun na leasanna d'Éirinn a uasmhéadú ó na hacmhainní go léir atá againn thar lear.

Tá gach duine againn a fhreastalaíonn sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála thar lear agus sa bhaile ag súil le bheith ag obair lenár nAirí agus baill eile an Rialtais chomh maith le comhpháirtithe agus páirtí leasmhara agus sinn ag iarraidh na gCuspóirí Ardleibhéil leagtha síos inár ráiteas a chur i bhfeidhm go fírinneach

David Cooney

**Ard - Rúnaí**

*IS IAD AIDHMEANNA ARDLEIBHÉIL NA ROINNE GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA DON TRÉIMHSE 2011-2014:*

Cuir le síocháin, slándáil agus cearta daonna idirnáisinta

Athmhuintearas agus comhoibriú a chur chun cinn san oileán seo

Leasa eacnamaíocha na hÉireann san Eoraip agus go hidirnáisiúnta a chur chun cinn

Tiomantais forbartha domhanda na hÉireann a sheachadadh ag díriú ar bhochtanas agus ocras

Seirbhísí consalacha agus pasanna a chur ar fáil do shaoránaigh na hÉireann agus naisc a chothú le pobail Éireannacha thar lear

Ár gcumas ár n-aidhmeanna a sheachadadh a láidriú

# Leasa eacnamaíoch na hÉireann san Eoraip agus go hidirnáisiúnta a a chur chun cinn

*Bainfimid úsáid as acmhainní iomlána na Roinne, ag ceanncheathrú agus trínár líonra misin chun leasa eacnamaíoch agus trádála, proifíl chultúrtha agus cáil a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.*

## Táscairí Feidhmíochta Ardleibhéil

- Aiseolas dearfach ar rannpháirtíocht na Roinne leasa eacnamaíocha agus trádála na hÉireann san Eoraip agus hidirnáisiúngo hidirnáisiúnta a chur chun cinn
- Aiseolas dearfach ar rannpháirtíocht na Roinne ár gcáil eacnamaíoch san Eoraip agus go hidirnáisiúnta a bhreisiú
- Rannpháirteachas breisithe le comhpháirtithe san Eoraip ar nithe comhleasa

| *Uimh.* | *Straitéisí* | *Táscairí feidhmíochta* |
|---|---|---|
| **1** | Oibriú chun ár gcaidrimh eacnamaíocha dháthaobhacha agus naisc thrádála na hÉireann a fhorbairt go domhanda le haird ar leith ar Straitéis an Rialtais *Trádáil agus Infheistíocht in Eacnamaíocht Chliste*, ag baint úsáide as an gComhairle Trádála Easpórtála chun comhordú trasna Ranna Rialtais agus Áisíneachtaí Stáit i mbun dul cur chun cinn trádála agus eacnamaíoch a láidriú tuilleadh. | Rannpháirtíocht na Comhairle Trádála Easpórtála (ETC) go háirithe do chur i bhfeidhm na moltaí i Straitéis an Rialtais do na seacht margadh tosaíochta is fiche iad araon bunaithe agus éiritheach/fás ard.<br><br>Foirne margaidh áitiúla éifeachtacha a bhainistiú ag na hAmbasadóirí sna margaidh tosaíochta seo agus ionchuir don Chomhairle Trádála Easportála (ETC) go tráthúil a chinntiú lena n-áirítear pleananna agus tuairiscí dul chun cinn bliantúla orthu.<br><br>Comhoibriú leanúnach éifeachtach le hÁisíneachtaí Stáit gníomhach i ngníomhaíochtaí cur chun cinn thar lear agus cur i bhfeidhm Comhaontas Leibhéal Seirbhíse idir Fiontar Éireann agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.<br><br>Tacaíocht leanúnach d'athbhreithniú deiseanna fáis agus leathnaithe i gcomhpháirtíochtaí eacnamaíocha is mó suntasaí na hÉireann.<br><br>Cuid de ghníomhaíocht an líonra Ambasáide agus a éifeachtúlacht, tiomanta do chur chun cinn eacnamaíoch agus trádála.<br><br>Líon agus cáilíocht cuairteanna ardleibhéil amach agus isteach le diminsean láidir trádála agus eacnamaíoch agus giaráil deiseanna cur chun cinn a thagann as cuairteanna na hUachtaránachta, an Taoisigh agus Airí, lena n-áirítear le linn tréimhse Naomh Pádraig agus ar |

| *Uimh.* | *Straitéisí* | *Táscairí feidhmíochta* |
|---|---|---|
| | | mhisin thrádála eagraithe ag Fiontar Éireann.<br>Rannpháirtíocht Chomhchoimisiúin Eacnamaíocha reatha chun ár gcomhpháirtíocht eacnamaíoch le margaidh éiritheacha/ fás ard a láidriú.<br>Rannpháirtíocht bacainní rochtana margaidh a bhaint i margaidh nua agus reatha.<br>Conclúid a chur le rannpháirtíocht i gcomhaontais idirnáisiúnta atá luachmhar d'eacnamaíocht na hÉireann agus do ghnó mar shampla Comhaontais Cánach Dúbailte.<br>Tacaíocht curtha ar fáil d'easpórtalaithe Éireannacha agus líonraí gnó.<br>Réiteach ar shaincheisteanna teorann mhuirí na hÉireann. |
| **2** | Gabháil do réimse iomlán tosaíochtaí polasaí an Rialtais sa AE tríd an líonra misin agus i ndlúthchomhoibriú le Ranna eile go háirithe le Roinn an Taoisigh. | Tuiscint agus léirmhíniú iomlán ar leasa na hÉireann ag comhpháirtithe. |
| **3** | Cáil eacnamaíoch na hÉireann a bhreisiú san Eoraip agus go hidirnáisiúnta agus iontaoibh a mhúscailt i measc infheisteoirí agus comhpháirtithe trádála. | Ailt dhearfa foilsithe maidir le heacnamaíocht na hÉireann sna meáin idirnáisiúnta agus leibhéal gníomhaíochta meán eile ag líonra na hAmbasáide.<br>Rannpháirtíocht Ambasáidí agus Consalachtaí le lucht déanta polasaí eacnamaíoch, rialtóirí agus múinleoirí meoin.<br>Feasacht ar Éirinn mar áit den scoth d'infheistíocht, Taighde agus Forbairt, teicneolaíochtaí glasa agus soláthar seirbhísí oideachasúla. |
| **4** | Oibriú chun poitéinseal ár gcaidrimh le tíortha eile a fhorbairt agus seasamh na hÉireann mar chomhpháirtí inchiallaithe san Eoraip agus go hidirnáisiúnta a bhreisiú. | Caidrimh déthaobhacha bhreisithe le Baill Stáit AE agus tíortha eile; líon méadaithe cuairteanna ardleibhéil isteach/amach; úsáid uasta ar líonra Ambasáide; conarthaí méadaithe ag leibhéal oifigiúil.<br>Comhoibriú breisithe i bhfóraim ilthaobhacha le comhpháirtithe Eorpacha.<br>Aiseolas dearfach ó chomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara eile lena n-áirítear na meáin. |
| **5** | Cur le pleanáil, comhordú agus Uachtaránacht AE na hÉireann i 2013 a sheachadadh tríd an líonra misin agus i ndlúthchomhoibriú le Roinn an Taoisigh. | Aiseolas dearfach iarUachtaránachta ó chomhpháirtithe AE agus páirtithe leasmhara eile.<br>Líon punainn pholasaí curtha ar aghaidh.<br>Sceideal na hUachtaránachta a chur i bhfeidhm go réidh. |

| *Uimh.* | *Straitéisí* | *Táscairí feidhmíochta* |
|---|---|---|
| **6** | Leasa na hÉireann a chosaint agus a chur chun cinn in idirbheartaíochtaí comhaontais shealbhúcháin, chumainn agus idirnáisiúnta AE agus i bhforbairt polasaithe caidrimh sheachtracha an AE. | Léiríonn comhaontas agus polasaithe caidrimh sheachtracha agus gníomhaíochtaí luachanna agus leasa na hÉireann.<br><br>Gníomhaíochtaí náisiúnta riachtanacha curtha i bhfeidhm go tráthúil. |
| **7** | Comhpháirtíocht níos dlúithe lenár ndiaspóra chun tacú le tosaíochtaí eacnamaíocha agus cultúrtha an Rialtais. | Cur i bhfeidhm forthorthaí Fhóram Eacnamaíoch Domhanda na hÉireann 2011.<br><br>Gabháil níos dlúithe i mbun líonraí eacnamaíochta tacaithe agus iad a fhorbairt níos mó go háirithe Líonra Domhanda na hÉireann. |
| **8** | Proifíl na hÉireann san Eoraip agus go hidirnáisiunta a fhorbairt trína cultúr. | Líon na ndaoine ag freastal ar nó rannpháirteach i dtionscadail chultúrtha maoinithe agus eagraithe ag an Roinn agus líonra na hAmbasáide.<br><br>Comhréir tionscadail chultúrtha curtha chun cinn ag an Roinn le rannpháirtíocht ghníomhach ag na háisíneachtaí Stáit, infheistíochta agus turasóireachta.<br><br>Leibhéal comhoibrithe le Cultúr Éireann ag ceanncheathrú agus trí líonra na hAmbasáide araon. |

# Tiomantais d'fhorbairt domhanda na hÉireann, a sheachadadh ag díriú ar bhochtanas agus ocras

*Cuirfimid le laghdú bochtanais agus ocrais domhanda le fócas ar leith ar an Afraic fo-shahárch.*

## Táscairí Feidhmíochta Ardleibhéil

- Tiomantais mar a léirítear in athbhreithniú an Pháipéir Bháin ar Chúnamh na hÉireann a sheachadadh
- Leantar le Cúnamh Forbartha Oifigiúil a bheith neamhcheangailte agus díriú ar laghdú bochtanais
- Dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise 2015 i dtíortha ár gcláir
- Leantar le cáilíocht an chláir chúnaimh a bheith aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
- Laghduithe i dtearc-chothú an duine inár dtíortha ina bhfuil an clár go háirithe do mhná torracha agus do leanai faoi chúig bliana d'aois

| *Uimh.* | *Straitéisí* | *Táscairí feidhmíochta* |
|---|---|---|
| **1** | Oibriú go hidirnáisiúnta ag ileibhéil chun cabhrú le Spriocanna Forbartha na Mílaoise (MDG) a bhaint amach le fócas ar dheireadh a chur le bochtanas foircneach agus ocras. | Éifeacht an tionscnaimh chothaithe 1000 Lá i dTíortha Cláir roghnaithe san Afraic.<br><br>Dul chun cinn le príomhtháscairí intomhaiste trasna clár Cúnaimh na hÉireann agus clár na gcomhpháirtithe. |
| **2** | Gabháil do chóras iltaobhach agus do chomhpháirtithe sochaí shibhialta chun a rannpháirtíocht éifeachtach a láidriú do thorthaí um bochtanas agus ocras a laghdú. | Leithdháileadh acmhainne do shochaí shibhialta agus do chomhpháirtithe iltaobhacha bunaithe ar a gcumas feidhmíocht mhaith agus torthaí intomhaiste a léiriú. |
| **3** | Gabháil ag leibhéal domhanda d'iarrachtaí éifeacht athrú aeráide agus géarchéimeanna daonna a laghdú. | Maolú athrú aeráide agus straitéisí oiriúnaithe atá áirithe i bpolasaí inmheánach agus clárú agus i gcur chuige polasaí idirnáisiúnta na hÉireann.<br><br>Dul chun cinn ar chur chuige comhtháite do chosc géarchéime, bainistíochta agus réiteach, lena n-áirítear tógáil síochána. |
| **4** | Freagairt dhaonnúil thapa agus éifeachtúil a chur ar fáil trí thacú le tír óstála, eagraíochtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta a chloíonn le prionsabail agus caighdeáin an Tionscnaimh Mhearfhreagartha. | Comhphróiseas acomhairc d'fhreagairt ghéarchéime daonnúla maoinithe go tráthúil agus de réir deachleachtais.<br><br>Staidéar féidearachta a dhéanamh ar chostais agus leasa Aerfort na Sionainne a aimsiú mar shuíomh chun soláthairtí daonnúla a stóráil agus a leithdháileadh.<br><br>Imlonnú rialta agus tráthúil pearsanra Mearfhreagartha mar fhreagairt ar iarratais AE. |

| *Uimh.* | *Straitéisí* | *Táscairí feidhmíochta* |
|---|---|---|
| **5** | Leanúint le comhtháthú comhoibriú forbartha a chur chun cinn laistigh de pholasaí eachtrach agus trasna Rialtais. | Dul chun cinn na Straitéis Afraice a chur i bhfeidhm trasna réimse forbartha, trádála agus caidrimh pholaitiúla agus eacnamaíocha leis an Afraic.<br><br>Dul chun cinn ar Chomhleanúnachas Aontaithe Polasaí do tháscairí Forbartha. |
| **6** | Tuiscint phoiblí na hÉireann a dhoimhniú faoi shaincheisteanna domhanda agus gabháil do Chúnamh na hÉireann. | Tacaíocht leanúnach do Chúnamh Forbartha Thar Lear lena n-áirítear é a thomhas ag suirbhéanna tuairime poiblí aitheanta.<br><br>Deiseanna deonacháin fheabhsaithe do phobal na hÉireann á gcur ar a gcumas a scileanna a roinnt thar lear. |
| **7** | Dearbhú caighdeáin, bainistíocht riosca agus cuntasaíocht a chur ar fáil chun torthaí an chláir Chúnaimh a chinntiú. | Cláreagrú Chúnamh na hÉireann agus cláreagrú comhpháirtíochtaí a bhreithmheas, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh orthu ag baint úsáide as prionsabail agus caighdeáin aitheanta idirnáisiúnta.<br><br>Athbhreithnithe caiteachais agus iniúchtaí bunaithe ar nósanna imeachta bainistíocht riosca, déanta go rialta. |

## Cuir athmhuintearas agus comhoibriú chun cinn ar an oileán seo

*Cothóimid athmhuintearas agus doimhneoimid comhoibriú eacnamaíoch ar oileán seo na hÉirean, cuirfimid Comhaontas Aoine an Chéasta i bhfeidhm agus úsáidfimid a poitéinseal iomlán.*

## Táscairí Feidhmíochta Ardleibhéil

- Síocháin agus Cobhsaíocht i dTuaisceart na hÉireann
- Comhpháirtíocht láidir d'aisghabháil eacnamaíoch idir an Tuaisceart agus an Deisceart
- Comhthuiscint agus athmhuintearas níos fearr ar oileán na hÉireann
- Comhpháirtíocht láidir na Breataine - na hÉireann chun tacú le hathmhuintearas agus athghabháil
- Comhphairtíochtaí tacúla láidre lena n-áirítear leis na SA agus Pobal na hÉireann níos leithne

| *Uimh.* | *Straitéiseacha* | *Táscairí feidhmíochta* |
|---|---|---|
| **1** | Síocháin agus cobhsaíocht i dTuaisceart na hÉireann a choimheád trí tacú le hoibriú éifeachtach Comhaontais Aoine an Chéasta agus Naomh Aindrias. | Comhoibriú dlúth le hInstitiúidí ag Tuaisceart Éireann, Rannán an Ríochta Aontaithe agus Mheirceá Thuaidh, Rúnaíocht Chomhairle Aireachta Thuaidh/ Theas agus Rúnaíocht Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine - na hÉireann.<br><br>Forbairt leanúnach tacaíocht phoiblí agus muiníne I gcreat ceartas coiriúlachta agus póilíneachta Thuaisceart Éireann. |
| **2** | Comhpháirtíocht láidir a chur ar fáil do ghabháil pholaitiúil agus aisghabháil eacnamaíoch idir an Tuaisceart agus an Deisceart ag seachadadh ar phoitéinseal eacnamaíoch comhoibriú Thuaidh/Theas lena n-áirítear trí chruthú postanna. | Caidrimh oibre dhlútha le Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann agus ag leibhéal rannach idir Ranna Rialtais go háirithe trí Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas atá ag oibriú go hiomlán agus go héifeachtach.<br><br>Teaghrán polasaí tacúil dlúth leis na páirtí polaitiúla i dTuaisceart Éireann.<br><br>Comhoibriú níos dlúithe idir an Oireachtas agus Comhthionól Thuaisceart Éireann infheistíocht trasteorann bhreisithe agus a thuilleadh forbartha infreastruchtúr agus soghluaiseacht trasteorann.<br><br>Breisiú comhoibriú gnó le gnó trasteorann. |

| *Uimh.* | *Straitéiseacha* | *Táscairí feidhmíochta* |
|---|---|---|
| **3** | Bunsraitheanna don Phróiseas Síochána a láidriú trí chomhthuiscint agus athmhuintearas méadaithe ar oileán na hÉireann. | Tacaíocht láidir do na pobail is mó faoi mhíbhuntáiste i dTuaisceart na hÉireann lena n-áirítear trí na Cistí Frithsheicteachta agus Athmhuintearais a sheachadadh.<br>Cláir trasphobail agus trasteorann a sheachadadh tríd an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn agus an creat SÍOCHÁIN III AE.<br>Comóradh an ama atá caite i modh a chothaíonn tuiscint níos fearr ar imeachtaí suntasacha inár stair laistigh de thraidisiúin pholaitiúla go léir.<br>Idirphlé níos oscailte le hAontachas ag cothú tuiscint níos fearr agus comhpháirtíocht níos dlúithe thar am.<br>Iarrachtaí leanúnacha chun tabhairt faoin leagáid na dTrioblóideacha – ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí.<br>Idirphlé níos doimhne le hionadaithe thraidisiúin na Náisiúnach agus na Poblachtach ar thosaíochtaí roinnte. |
| **4** | Comhpháirtíocht na Breataine-na hÉireann a chothabháil agus a láidriú chun tacú le hathmhuintearas, athghabháil agus rathúnas. | A thuilleadh forbartha ar chaidrimh na Breataine – na hÉireann ag tógáil ar mhóimintim ginte ag cuairt na Bainríona Éilíse go hÉirinn.<br>Comhpháirtíocht ar chuimhneacháin shuntasacha.<br>Idirphlé leanúnach ar thacaíocht mhaoinithe amach anseo do ghníomhaíochtaí athmhuintearais i dTuaisceart Éireann agus do chur chuige ar shaincheisteanna leagáide. |
| **5** | Comhpháirtíochtaí tacúla láidre a chothabháil agus a fhorbairt lena n-áirítear leis na Stáit Aontaithe agus an pobal Éireannach níos leithne. | A thuilleadh forbartha ar thógáil caidreamh déthaobhach na SA - na hÉireann ar chuairt an Uachtaráin Obama go hÉirinn.<br>Comhpháirtíochtaí leanúnacha le Cairde na hÉireann i gComhdháil.<br>Idirphlé le pobal níos leithne na hÉireann ar chuimhniúcháin shuntasacha. |

## Cuir le síocháin slándáil agus cearta daonna idirnáisiúnta

*Neartóimid ár rannpháirtíocht do shíocháin, slándáil agus cearta daonna idirnáisiúnta lena n-áirítear trí bhallríocht Éireann den AE, na NA agus Cathaoirleacht ENASCE i 2012.*

## Táscairí Feidhmíochta Ardleibhéil

- Luachanna agus tosaíochtaí Éireannacha léirithe i bpolasaithe agus gníomhaíochtaí eagraíochtaí iltaobhacha agus réigiúnacha
- Cathaoirleacht Éifeachtach ar an Eagraíocht um Shíocháin agus Comhoibriú san Eoraip i 2012
- Dul chun cinn bainte amach ar dí-armáil agus spriocanna in aghaidh iomadaithe

| *Uimh.* | *Straitéiseacha* | *Táscaire Feidhmíochta* |
|---|---|---|
| **1** | Oibriú chun na NA agus institiúidí eile iltaobhacha a dhéanamh níos éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin domhanda réigiúnacha agus forbartha. | Cuspóirí polasaí eachtrach na hÉireann léirithe i bhforthorthaí agus gníomhaíochtaí na NA agus institiúidí eile iltaobhacha.<br><br>Cur i bhfeidhm éifeachtach leasú NA lena n-áirítear *Mná NA* feidhmíochta iomláin agus tacaíocht ghníomhach ar iarrachtaí leanúnacha chun leasú na Comhairle Slándála a bhaint amach.<br><br>Rannpháirtíocht leanúnach agus suntasach Éireannach in oibriúcháin tacaíochta síochána faoi shainordú na NA. |
| **2** | Rannpháirtíocht ghníomhach do Chomhpholasaí Slándála agus Eachtrach an AE a fhorbairt. | Staideanna náisiúnta na hÉireann léirithe i bpolasaí an AE agus gníomhaíochtaí chun síocháin agus cobhsaíocht a chur chun cinn i réigiúin choimhlinte mar an Meánoirthear, An Iaráin, An tSúdáin / Darfur, Adharc na hAfraice agus Burma.<br><br>Tógann forbairt Chomhpholasaí Cosanta agus Slándála (CSDP) cuntas iomlán ar leasa na hÉireann laistigh de chreat ráthaíochtaí dlithiúla urraithe ag Éirinn i Meitheamh 2009.<br><br>Rannpháirtíocht do mhisin Chomhpholasaí Cosanta agus Slándála. |

| *Uimh.* | *Straitéiseacha* | *Táscaire Feidhmíochta* |
|---|---|---|
| **3** | Cathaoirleacht ENASCE na hÉireann a bhainistiú go héifeachtach i 2012. | Aiseolas dearfach ó phobal idirnáisiúnta ar na príomhchuspóirí do Chathaoirleacht na hÉireann a bhaint amach.<br>Léiriú ar phríomhchúraim na hÉireann i mórghníomhaíochtaí agus ráitis ENASCE le linn 2012.<br>Fianaise ar mheas breisithe do thiomantais ENASCE go háirithe iad siúd a bhaineann le réiteach coimhlinte, dí-armáil agus cearta daonna.<br>Cruinniú Aireachta ENASCE rathúil i 2012. |
| **4** | Dí-armáil agus neamhiomadú a chur chun cinn trí ghabháil go gníomhach do dhí-armáil idirnáisiúnta agus próisis in aghaidh iomadaithe. | Dul chun cinn i dtreo 64 gníomhaíochtaí agus an comhaontas ar Réiteach 1995 an Mheánoirthir a chur i bhfeidhm atá sa Doiciméad Deiridh den Chomhdháil Athbhreithnithe Chonartha in aghaidh Iomadaithe 2010.<br>Níos mó Stát ag cloí leis an gCoinbhinsiún maidir le Cnuas-Mhuinisin.<br>Conradh Trádála Armtha domhanda idirbheartaithe i 2012. |
| **5** | Meas agus cosaint cearta daonna agus riail an dlí a chur chun cinn. | Feachtas láidir chun iarrthóireacht na hÉireann um thoghadh do Chomhairle Cearta Daonna na NA don tréimhse 2013-15.<br>Idirghabhálacha rialta agus éifeachtúla na hÉireann ar phríomhchearta daonna, saincheisteanna dlí agus ceartais i bhfóraim ábhartha.<br>Éire ionadaithe go héifeachtach i gcúirteanna agus binsí idirnáisiúnta.<br>Polasaí na hÉireann léirithe i ngníomhaíochtaí agus cinní Chomhairle na hEorpa; Dul chun cinn i dtreo Comhairle na hEorpa / leasú Chúirt Chearta Daonna. |

## Seirbhísí pasanna agus consalacha a chur ar fáil do shaoránaigh Éireannacha agus gabháil do phobail na hÉireann

*Cuirfimid seirbhísí pasanna agus consalacha éifeachtacha agus éifeachtúla ar fáil lena n-áirítear tacaíocht éigeandála in amanna géarchéimeanna móra thar lear. Gabhfaimid do phobail Éireannacha thar lear chun a naisc a chothú le hÉirinn.*

## Táscairí Feidhmíochta Ardleibhéil

- Aiseolas dearfach comhsheasmhach ar sheirbhísí éigeandála agus consalacha.
- Doiciméid taistil daingnithe curtha ar fáil, i gcomhlíonadh le caighdeáin idirnáisiúnta, do shaoranaigh na hÉireann ar fud an domhain trí sheirbhís phasanna éifeachtach agus cost-éifeachtúil.
- Bainistíocht agus oibriúchán seirbhís phasanna athbhreithnithe agus breisithe go leanúnach.

| *Uimh.* | *Straitéiseacha* | *Táscaire Feidhmíochta* |
|---|---|---|
| **1** | Seirbhís phasanna daingnithe nua-aimseartha a sheachadadh ag freagairt do riachtanais saoránach. | Rátálacha sásaimh chustaiméara leis an tSeirbhís Phasanna lena n-áirítear amanna feithimh chuntair agus seirbhís athnuachana dhaoine fásta.<br>Déantar iarratais a chuirtear isteach trí Phasanna Sainráite a phróiseáil laistigh d'amfráma dearbhaithe.<br>Leanann pasanna Éireann ag comhlíonadh le caighdeáin Eagraíocht Eitlíochta Shibhialta agus caighdeáin ábhartha eile go léir.<br>Líon cásanna calaoiseacha a braitheadh. |
| **2** | Réimse iomlán seirbhísí consalach a chur ar fáil. | Aiseolas custaiméirí ar na seirbhísí curtha ar fáil. |
| **3** | Treoir do shaoránaigh na hÉireann ag taisteal nó ina gcónaí thar lear. | Aiseolas custaiméirí ar ábharthacht agus cruinneas comhairle taistil. |
| **4** | Freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna móra thar lear lena mbaineann saoránaigh na hÉireann. | Imlonnú acmhainní éifeachtach agus tráthúil.<br>Comhordú éifeachtach le hiarrachtaí AE agus idirnáisiúnta.<br>Athbhreithnithe bliantúla ar sheirbhísí Consalacha curtha ar fáil. |
| **5** | Gabháil an Rialtais do phobal na hÉireann thar lear agus tacaíocht dó a chomhordú. | Eisiúint tráthúil deontais Chláir Thacaíochta Imircigh ag tacú mar thosaíocht leis na baill is leochailí de phobail na hÉireann thar lear.<br>Cloí láidir le nósanna imeachta monatóireachta agus measúnaithe.<br>Tuairiscíonn misin agus eagraíochtaí na hÉireann thar lear go bhfuil riachtanais phobail thar lear á réiteach agus naisc á láidriú.<br>Gabháil leanúnach d'aisteoirí ábhartha go léir chun staid na nGael neamhdoiciméadaithe sna Stáit Aontaithe a réiteach agus socruithe do shreabhadh imirce sa todhchaí a bhunú. |

Oibriúchán rathúil Teastais Oidhreachta na hÉireann.

## CUID 2: AG SEACHADADH ÁR N-AIDHMEANNA

### Ár gcumas chun ár n-aidhmeanna a sheachadh a láidriú

*Clúdaíonn an Ráiteas Straitéise tréimhse chomhdhlúite suntasaí um airgeadais an Rialtais leis an gcuspóir sáraithe athghabhála eacnamaíche lena gcuirfidh an Roinn go hiomlán laistigh dá téarmaí tagartha. Beidh ar an Roinn a Aidhmeanna Ardleibhéil i dtimpeallacht buiséid agus foirne laghdaithe a sheachadadh agus cuireann é seo ardfhréimh ar úsáid optamach acmhainní atá ar fáil a chinntiú.*

*Sa pheirspictíocht sin leanfaidh an Roinn lena páirt iomlán a imirt i gclár Leasaithe na Seirbhíse Poiblí an Rialtais agus coinneoidh go gníomhach leis na tosaíochtaí imlínithe ina Phlean Seachadta Leasaithe Chomhtháite. Áirítear leis seo leasuithe ar siúl cheana i gcomhthéacs Comhaontas na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm agus bearta atá le brath sa* ***Phlean Gníomhaíochta*** *foirmlithe mar fhreagairt ar shuirbhé 2012 na Roinne faoi Chlár Athbhreithnithe Eagríocchtúil an Rialtais.*

*Is é an aidhm fhoriomlán ná cumas na Roinne a oiriúnú do na dúshláin atá os a comhair trína cumas i réimsí mar bhainistíocht faisnéise, acmhainní daonna agus seachadadh seirbhíse custaiméirí a láidriú.*

## Táscairí Feidhmíochta Ardleibhéil

- Léiríonn tosaíochtaí DFAT an Clár don Rialtas
- Meaitseálann líonra struchtúir agus misin riachtanais Rialtais fabhraithe agus acmhainní laghdaitheacha
- Ionchur airgeadais ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha

| *Uimh.* | *Straitéiseacha* | *Táscaire Feidhmíochta* |
|---|---|---|
| **1** | Ag léirmhíniú straitéise agus ag cur aidhmeanna in ord tosaíochta | Léiríonn tosaíochtaí RGET an Clár don Rialtas agus riachtanais eile mar forálacha ábhartha i gcomhaontas an AE/CAI/BCE.<br><br>Tomhas tábhachtach a bheidh ann ar éifeachtacht an phróisis phleanála straitéisigh ach na hAidhmeanna Ardleibhéil a chomhlíonadh. |
| **2** | Eagrú inmheánach | Meaitseálann líonra struchtúir agus misin cheanncheathrún riachtanais Rialtais fabhraithe agus acmhainní laghdaitheacha.<br><br>Ionadaíocht Roinne thar lear coinnithe faoi athbhreithniú leanúnach. |

| Uimh. | Straitéiseacha | Táscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| **3** | Ag roinnt faisnéise | Tá inlíon na Roinne go hinmheánach in úsáid go hiomlán chun comhroinnt faisnéise dílse trasna na Roinne lena n-áirítear misin thar lear a uasmhéadú.<br>Úsáidfear suíomhanna gréasáin agus meáin sóisialta na Roinne go seachtrach chun nuashonraithe ar shaincheisteanna polasaí eachtrach a chur ar fáil, ár gclár cúnaimh na hÉireann agus nithe consalacha lena n-áirítear comhairle taistil suas chun dáta a sheachadadh. |
| **4** | Acmhainní a bharrfheabhsú | Ionchuir airgeadais ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha de réir an chur chuige nua do bhuiséadú, a thabhairt isteach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag tosú i 2012.<br>Dianrialú buiséid á chinntiú lena n-áirítear trí chórais airgeadais na Roinne a nuashonrú agus a chomhtháthú agus soláthar tacaíochta. Uasmhéadaítear luach ar airgead agus acmhainní airgeadais ghanna arna gcur chun feidhme leis an éifeacht is fearr.<br>Gabháil do na tionscnaimh chrosghearrtha fógraithe i bPlean Leasaithe na Seirbhíse Poiblí ar sheirbhísí roinnte agus soláthar poiblí comhoibríoch.<br>Féiniomlonnú arna bharrfheabhsú de réir tosaíochtaí Roinne lena dhóthain solúbthachta chun riachtanais ghearrthéarma agus teaghmhais gan choinne a chomhlíonadh.<br>Infheistiú i bhfoireann na Roinne atá ina príomhacmhainn di trí chláir oiliúna agus mheantóireachta deartha chun comhlíonadh le tacair scileanna aonair de réir riachtanais ghnó na Roinne i gcomhar le húsáid chuiditheach an chórais Forbartha agus Bainistíocht Feidhmíochta chun feidhmíocht aonair a láidriú.<br>Infreastruchtúr TCF arna fhiaráil chun tacú le sruthlíniú agus próisis ghnó inmheánacha a fheabhsú le fócas ar leith ar sheirbhís chustaiméara a sheachadadh. |
| **5** | Ag tomhas aschur | Tionscadail arna n-aithniú faoi chlár oibre an leasaithe agus an Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil arna seachadadh laistigh de spriocdhátaí.<br>Aiseolas ó pháirtithe leasmhara seachtracha á mhonatóiriú. |

# *IARSCRÍBHINN 1: SAINCHEISTEANNA TRASRANNACH*

| STRAITÉIS | RANNA/ÁISÍNEACHTAÍ ÁBHARTHA | GNÍOMHAÍOCHT AG TEASTÁIL ÓN RGET |
|---|---|---|
| **Leasa na hÉireann a chur chun cinn san Eoraip agus go hidirnáisiúnta** | | |
| **Leasa eacnamaíoch agus trádála, proifíl chultúrtha agus cáil a chur chun cinn go hidirnáisiúnta** | Aras an Uachtaráin, Roinn an Taoisigh agus Ranna Rialtais go léir, Aisíneachtaí Stáit agus Oifigí | Bheith páirteach go gníomhach i Straitéis an Rialtais um Thrádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht go 2015 a chur chun cinn tríd an Tánaiste ag cathaoirliú na Comhairle Trádála Easpórtála, cur chun cinn eacnamaíoch agus trádála trasna líonra na hAmbasáide agus bainistíocht foirne margadh áitiúil éifeachtach ag na hAmbasadóirí sna fiche seacht margaidh tosaíochta.<br><br>Easpórtáil earraí agus seirbhísí na hÉireann a spreagadh agus Éire a chur chun cinn mar áit d'infheistíocht sheachtrach, turasóireacht agus seirbhísí oideachais chun tacú le hathghabháil eacnamaíoch agus cruthú postanna.<br><br>Cuairteanna spriocdhírithe agus ardcháilíochta ag an Uachtarán, an Taoiseach, an Tánaiste agus cuairteanna go hÉirinn ag leibhéal Ceannaire Stáit agus Rialtais a eagrú. Cabhrú chun misin trádála a eagrú agus diminsean eacnamaíoch cuairteanna a uasmhéadú.<br><br>Bainistíocht Chomhchoimisiúin Eacnamaíoch reatha le margaidh éiritheacha/le fás ard i gcomhordú le Ranna agus áisíneachtaí ábhartha.<br><br>Oibriú le Ranna agus áisíneachtaí ábhartha maidir le hábhair eolais chuimsithigh a scaipeadh faoin eacnamaíocht. |
| **Comhpháirtíocht níos dlúithe lenár ndiaspóra chun tacú le tosaíochtaí poilitiúla eacnamaíochta agus cultúrtha an Rialtais.** | Ranna Rialtais agus Áisíneachtaí ábhartha go léir | Leanúint agus monatóireacht ghníomhach ar fhorthorthaí ag éirí as Fóram Eacnamaíoch Domhanda na hÉireann 2011. |
| **Seirbhísí Consalacha agus Pasanna** | | |
| **Réimse iomlán seirbhísí consalacha a chur ar fáil** | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | I ndáil le hiarratais víosa chun teacht isteach go hÉirinn, comhoibriú leis an tSeirbhís Éadóirseachta agus Inimirce. |
| **Seirbhís phasanna daingnithe nua-aimseartha a sheachadadh ag freagairt do riachtanais saoránach** | Ranna Cuimsiú Sóisialta, Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Airgeadais agus Aisíneachtaí Stáit ábhartha. | Comhoibriú le Ranna agus áisíneachtaí chun slándáil a bhreisiú agus cosaintí a láidriú i gcoinne calaois pasanna.<br><br>Athbhreithniú leanúnach bainistithe agus oibriúcháin seirbhís pasanna i gcomhthéacs |

| | | |
|---|---|---|
| | | leasú na Seirbhíse Poiblí. |
| **STRAITÉIS** | **RANNA/ÁISÍNEACHTAÍ ÁBHARTHA** | **GNÍOMHAÍOCHT AG TEASTÁIL ÓN ROINN GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA** |
| **Freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna móra thar lear ina bhfuil saoránaigh Éireannacha bainteach** | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | Comhoibriú le Ranna chun aire a thabhairt do shaoránaigh Éireannacha suíomhanna géarchéime ag éirí as anachainí nádúrtha nó saorga. |

| | | |
|---|---|---|
| **Caidrimh Thuaisceart Éireann, RA agus Angla-Éireannacha** | | |
| **Rannpháirtíocht ghníomhach i gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas, Comhairle na Breataine-na hÉireann agus Comhdháil Trasrialtais na Breataine-na hÉireann** | Roinn an Taoisigh agus Ranna Rialtais eile | Idirchaidreamh a dhéanamh le Ranna eile ar nithe dílse maidir le cruinnithe.<br><br>Comhordú lánchruinnithe. |
| **An Eoraip** | | |
| **Seasamh na hÉireann san Eoraip a bhreisiú** | Ranna Rialtais go léir go háirithe Roinn an Taoisigh agus an Roinn Airgeadais | Comhoibriú go héifeachtach le Ranna eile ar shaincheisteanna tábhachta dár gcaidrimh dhéthaobhacha le tíortha san Eoraip. |
| **Gabháil do mhéadú an AE agus dá chlár oibre seachtrach** | Ranna Rialtais go léir | Comhordú a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil leasa na hÉireann á gcosaint agus á gcur chun cinn |
| **Cur le rath Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach 2013** | Roinn an Taoisigh, Ranna Rialtais eile go léir agus Institiúidí AE | Ról lárnach a imirt maidir le hUachtaránacht rathúil i dtéarmaí cuspóirí polasaí agus loighistic a bhainistiú agus a sheachadadh. An Grúpa Pleanála Riaracháin Idir-Rannach a chathaoirliú (GPRIR) |
| **Comhoibriú Forbartha Idirnáisiúnta** | | |
| **Oibrú go hidirnáisiúnta ag ileibhéil chun cabhrú le Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach le fócas ar dheireadh a chur le bochtanas foircneach agus ocras** | An Roinn Airgeadais, R/Talamhaíochta, Iascaigh agus Bia, R/Postanna, Fiontair agus Nuálaíochta | Cinntigh go bhfuil tosca forbartha curtha san áireamh in idirbheartaíochtaí faoi staideanna AE ar shlándáil bia agus trádáil. |
| **Lean ag cur chun cinn comhtháthú comhoibriú forbartha laistigh de pholasaí eachtrach agus trasna rialtais** | Ranna go léir | Éascaigh rannpháirtíocht an Rialtais d'aidhmeanna forbartha na hÉireann a bhaint amach agus cur i bhfeidhm straitéis na hAfraice. |
| **Gabh d'iarrachtaí ag leibhéal Domhanda chun éifeacht athrú Aeráide agus géarchéim daonnúil a laghdú** | R/Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | Cinntigh go bhfuil tosca forbartha curtha san áireamh i staideanna idirnáisiúnta na hÉireann ar athrú aeráide. |
| **Doimhnigh tuiscint phoiblí na hÉireann ar shaincheisteanna forbartha domhanda agus** | R/Oideachais agus Scileanna | Tá gnéithe Oideachais Forbartha léirithe i gcuraclam na scoile. |

| | |
|---|---|
| **gabháil do Chúnamh na hÉireann** | |

| STRAITÉIS | RANNA/ÁISÍNEACHTAÍ ÁBHARTHA | GNÍOMHAÍOCHT AG TEASTÁIL ÓN ROINN GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA |
|---|---|---|
| **Cuir le síocháin, slándáil agus cearta daonna idirnáisiúnta** | | |
| **Oibrigh chun an AE agus institiúidí eile iltaobhacha a dhéanamh níos éifeachtaí os comhair dúsláin domhanda, réigiúnacha agus forbartha** | Ranna ábhartha go léir, go háirithe R/Cosanta; R/Dlí agus Cirt agus Comhionannais; R/Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Gaeltachta; R/Airgeadais R/Postanna, Fiontair agus Nuálaíochta; Oifig an Ard-Aighne; An Banc Lárnach | Cumasaigh cur chuige comhordaithe do shaincheisteanna costchiorraithe ag éirí i bhfóraim na NA; comhordaigh cur i bhfeidhm Rúin Chomhairle Slándála na NA; comhordaigh staideanna maidir le comhdhálacha iltaobhacha ábhartha a dhaingniú.<br><br>Gníomhaigh mar údarás náisiunta leis an mBanc Lárnach i gcur i bhfeidhm smacthbhannaí na NA agus an AE.<br><br>Cinntigh cur chuige comhtháite Éireannach do gháinneáil drugaí i bhfóraim iltaobhacha, in éineacht le Ranna eile.<br><br>Obair thaiscéalach i dtreo daingniú féideartha An Chonartha Antartach.<br><br>Treoirigh comhordú polasaí na hÉireann agus rannpháirtíocht in oibriúcháin um shíocháin a choimeád go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear trí obair Choiste idir-rannach um Shíocháin a choimeád. |
| **Rannpháirtíocht ghníomhach d'fhorbairt Chomhpholasaí Eachtrach agus Slándála an AE** | R/Cosanta; R/Dlí agus Cirt agus Comhionannais | Comhordaigh naisc idir réimsí gníomhaíochtaí na NA agus an AE; oibrigh le Ranna eile chun cur le Comhpholasaí Slándála agus Cosanta an AE.<br><br>Comhlánaigh obair ar an Straitéis Náisiúnta um Bhainistíocht Ghéarchéime Sibhialta. |
| **Cur dí-armáil agus neamhiomadú chun cinn trí ghabháil do dhí-armáil idirnáisiúnta agus próisis neamhiomadaithe** | R/Cosanta; R/Postanna, Fiontair agus Nuálaíochta | Soláthraigh breithnuithe don R/Postanna, Fiontair agus Nuálaíochta agus ar iarratais ar cheadúnais easpórtála.<br><br>Comhchathaoirligh an Coiste idir-rannach ar Neamhiomadú Airm Ollscriosta agus Rialuithe Easpórtála. |
| **Meas do agus cosaint ar chearta daonna agus do riail an dlí a chur chun cinn** | Ranna go léir, go háirithe R/Cosanta agus Comhionannais, R/Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, R/Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Gaeltachta; an comhlacht náisiúnta um chearta daonna | Téigh i dteagmháil le Ranna eile ar oibleagáidí na hÉireann faoi dhlí idirnáisiúnta.<br><br>Ionchorpaigh diminsean comhionannais inscne láidir i bpolasaí eachtrach na hÉireann.<br><br>Lean ar aghaidh le cosc a chur i bhfeidhm ar úsáid aerspás na hÉireann, aerphoirt agus áiseanna bainteacha chun críocha nach bhfuil de réir mar atá sa dlí idirnáisiúnta. |

# IARSCRÍBHINN 2: STRUCHTÚR EAGREACHTÚIL

**TÁNAISTE AGUS AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA**

**AIRE STÁIT AGUS GNÓTHAÍ EORPACHA**

**AIRE STÁIT TRÁDÁLA AGUS FORBARTHA**

**ARD-RÚNAÍ**

**ROINN PHOILITIÚIL**
Díarmáil
Polasaí Slándála
Cearta Daonna
Sceimhlitheoireacht & Drgaí
NA, ENASCE & IBF, CBES & Comhordú na Bealarúise
Na Moldóive
Cugaise
Áise Lár

**RANNÁN DLITHIÚILL**

**TRANNÁN TRÁDÁLA & PROMÓISIN**
Promóisean Trádála
Teagmháil le hÁisíneachtaí Stáit
Comhairle Trádála
Easpórtála
Treachtaireacht Eacnamaíoch a chur

**RANNÁN ANGLA-ÉIREANNACHA**
T. Éireann
RA
SA
Ceanada
An Astráil
Nua- Shéalainn

**RANNÁN EORPACH**
Eoraip,
Lena n-áirítear An Rúis
(seachas Bealarús Moldóvia & Cugais)
Comhordú Méadaithe ar Chaidrimh Sheachtracha AE

**RANNÁN COMHOIBRITHE FORBARTH**
Cúnamh na hÉireann fo-Shahárach
An Ind-Sín
Tíomór-Leste

**RANNÁN SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDE**

**RANNÁN FEIDHMÍOCHTA & STRAITÉISE**

**AONAD MEÁNOIRTHIR**
(lena n-áirítear Tuaisceart na hAfraice, An Mhurascaill, An Iaráin

**AONAD NA HÁISE & MHEIRCHEÁ LAIDINEACH**
An Áis (seachas Áise Lár, An Ind-Sín, & Tíomór - Leste) An Aigéine Meirceá Laidineach Muir Chairib

**AONAD GAEIL THAR LEAR & LÍONRA DOMHANDA NA hÉIREANN**

**SEIRBHÍS PHRÓTACAIL**

**RANNÓG PHREASA**

**AONAD MEASTÓIREACHTA & INIÚCHTA**

**SEIRBHÍS CHONSALACH**

**SEIRBHÍS PHASANNA**

## EAGRÚCHÁN NA ROINNE

Tá ceanncheathrú ag an Roinn i dTeach Iveagh, Faiche Stiofáin, Baile Átha Cliath. Tá Stiúrthóireacht Comhoibrithe Forbartha bunaithe i Luimneach agus Baile Atha Cliath fad is atá Rannóga áirithe eile na Roinne bunaithe in áiteanna eile i lár Bhaile Átha Cliath. Tá ár n-oifigí pasanna suite i mBaile Átha Cliath, Baile Brigín agus Corcaigh.

Tá An Roinn déanta suas de Rannáin agus Aonaid ag Ceanncheathrú (CC) agus 73 oifigí dioplómaitiúla agus consalacha ar an iomlán thar lear, arna dtagairt mar "misin" chomh maith leis an Rúnaíocht Idir-Rialtais na Breataine - na hÉireann i mBéal Feirste agus Comhrúnaíocht Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ard Mhaca. Tá an líonra misin lonnaithe go huathúil chun réimse éagsúil feidhmeanna ionadaíocha, dul chun cinn agus cúnaimh a chur i bhfeidhm ar son Rialtais agus muintir na hÉireann agus tá na hoifigí seo mar uirlís riachtanach agus chomhtháite d'aidhmeanna ardleibhéil na Roinne a sheachadadh. Chomh maith leis na misin seo tá 92 Consail Oinigh ann a chuireann cúnamh do shaoránaigh na hÉireann ar fáil.

Faoi threoir oifigiúil an Tánaiste agus an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, tá an Roinn á bainistiú ag an Ard-Rúnaí atá freisin ina Oifigeach Cuntasaíochta. Tá an tArd-Rúnaí á thacú ag an gCoiste Comhairliúcháin Bhainistíochta (CCB) déanta suas de Leas Rúnaithe CC-Bhunaithe na Roinne. Tá comhordú éifeachtach trasfheidhmiúil den riachtanas chun cuspóirí a bhaint amach go háirithe i Roinn le hoifigí i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Béal Feirste, Ard Mhaca agus le 73 oifigí thar lear. Bíonn comhordú ar siúl ar bhonn leanúnach trí struchtúir mar an Coiste Comhairliúcháin Bhainistíochta (CCB), An Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil Chúnamh na hÉireann, Coiste na hAfraice, An Coiste Bainistíocht Riosca agus an Coiste Iniúchta. Bíonn comhordú ar thionscadail ar leith ar siúl trí struchtúir thiomanta a chur ar bun mar an Tascfhórsa ar Chathaoirleacht 2012 an ENASCE agus an Grúpa Pleanála Imnheánaí don Uachtaránacht 2013 a oibríonn i gcomhoibriú dlúth le struchtúir ábhartha do chomhordú idir-rannach.

Tá an Roinn eagraithe mar seo a leanas:

**Rannóg Thrádála agus Cur Chun Cinn** atá freagrach as, inter alia, straitéis chur chun cinn trádála agus comhordú, an Chomhairle Trádála Easpórtála agus a maoirseacht ar an Straitéis Trádála go 2015, ag cur teachtaireachtaí eacnamaíocha, caidrimh chultúrtha (lena n-áirítear leithdháileadh deontas) agus faisnéis. Déanann sí teagmháil le hÁisíneachtaí Stáit Ranna Rialtais eile agus an rannóg phríobháideach i ndáil le gnéithe iomlán de chur chun cinn trádála agus teachtaireachtaí eacnamaíocha a chur.

**Rannóg Chomhoibrithe Forbartha** a bhainistíonn clár cúnaimh thar lear an Rialtais, Cúnamh na hÉireann. Bunghné de pholasaí eachtrach na hÉireann is ea Forbairt Thar Lear. Déanann an rannóg maoirseacht ar chaidrimh chomhoibriú forbartha na hÉireann le comhpháirtithe déthaobhacha, iltaobhacha agus na sochaí shibhialta agus d'eagraíochtaí agus institiúidí bunaithe in Éirinn chomh maith. Tá príomhfhreagracht ag an **Aonad Afraice** as caidrimh phoilitiúla leis an Afraic agus le cur i bhfeidhm Straitéis Afraice na Roinne.

**Rannóg Phoilitiúil a** bhainistíonn gnéithe polaitiúla de pholasaí eachtrach. Treoraíonn sí ar chearta daonna, dí-armáil agus neamhiomadú, polasaí slándála idirnáisiúnta, drugaí agus sceimhlitheoireacht, saincheisteanna NA, an ENASCE, Comhairle na hEorpa agus tá sí freagrach freisin as comhordú CBES.

**Rannóg Eorpach** ag a bhfuil freagracht as gnéithe caidrimh dhéthaobhacha go léir le tíortha AE agus tíortha eile na hEorpa. Treoraíonn sí ar rannpháirtíocht na hÉireann i méadú an AE, polasaithe comharsanachta agus caidrimh sheachtracha. Cothaíonn sí dlúthchaidreamh le príomhnithe an AE go léir, leis an Rannóg AE i Roinn an Taoisigh agus lena lán foirne na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar iasacht go sealadach anseo, tá caidreamh speisialta aici leis an Roinn sin. Tá freagracht bhainistíochta ag an Rannóg as oifigí dioplómaitiúla na hÉireann san Eoraip.

**Rannóg na Breataine-na hÉireann** oibríonn chun síocháin agus athmhuintearas ar oileán na hÉireann a chur chun cinn trí cur i bhfeidhm iomlán Chomhaontas Aoine an Chéasta. Oibríonn an Rannóg le réimse comhpháirtithe idirnáisiúnta chun na críche sin agus cuireann tacaíocht chláir phraiticiúil do ghníomhaíochtaí forbartha agus athmhuintearais ar fáil i dTuaisceart Éireann. Tá príomhfhreagracht ag an Rannóg as gnéithe iomlán caidreamh leis an RA (seachas nithe AE inmheánacha), na Stáit Aontaithe agus Ceanada chomh maith leis an Astráil agus An Nua-Shéalainn. Tá freagrachtaí bainistíochta ag an Rannóg as oifigí dioplómaitiúla na hÉireann sna réigiúin sin.

Bainistíonn Aonad Líonra Domhanda na hÉireann & na Gael Thar Lear gabháil an Rialtais do na Gael thar lear, ag cabhrú le pobail Éireannacha thar lear a naisc le hÉirinn a chothú agus gábháil go gníomhach dóibh chun cuspóirí an Rialtais a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.

Aonaid réigiúnacha is ea **an tAonad Meánoirthir** agus **Aonad na hÁise agus Mheirceá Laidinigh** ag a bhfuil príomhfhreagracht i mbainistíocht caidreamh le tíortha lena n-áirítear bainistíocht misin na hÉireann, ina gceantar geografach faoi seach.

Tá **Rannóg Chonsalach agus Phasanna** freagrach as seirbhísí pasanna agus consalacha ardcháilíochta a chinntiú do shaoránaigh na hÉireann.

Cuireann An **Rannóg Dlí** comhairle dlí agus faisnéise ar fáil don Tánaiste agus don Roinn ar nithe um dhlí idirnáisiúnta poiblí, dlí cearta daonna agus Dlí an Aontais Eorpaigh agus ar shaincheisteanna dlí ábhartha eile. Forbraíonn agus cuireann sí polasaí dlí idirnáisiúnta i bhfeidhm i réimsí mar cheartas coiriúil idirnáisiúnta, dlí daonnúil idirnáisiúnta agus dlí na farraige. Ionadaíonn an Rannóg d'Éirinn in imeachtaí dlí idirnáisiúnta agus fóraim. Riarann sí Oifig Chonartha na Roinne agus déanann feidhmeanna i ndáil le eiseachadadh agus comhchúnamh.

Tá an **tSeirbhís Phrótacail** freagrach as cuairteanna thar lear an Uachtaráin agus cuairteanna go hÉirinn ag leibhéal Ceann Stáit, Ceann Rialtais agus Aire Eachtrach a ullmhú agus a eagrú. Tá sí freagrach freisin as seirbhís fáilteachais ardcháilíochta d'imeachtaí oifigiúla á óstáil ag an Tánaiste i dTeach Iveagh agus ag ionaid eile mar Chaisleán Bhaile Atha Cliath a chur ar fáil. Éascaíonn an tSeirbhís Prótacail feidhmiú misin dioplómaiticiúla in Éirinn de réir oibleagáidí na hÉireann faoi Choinbhinsiún Vienna ar Chaidrimh Dioplómataiciúla agus dlí ábhartha na hÉireann agus bainistíonn iarratais ar Imréitigh Dioplómaiticiúla d'aerárthaigh Stáit ag teacht isteach agus ag fágáil agus cuairteanna cabhlaigh.

Bainistíonn **an tAonad Faisnéise agus Phreasa** an preas, faisnéis agus láithreacht ar líne na Roinne Gnóthaí Eachtracha aguus Trádála. Is é an ról atá aige ná na meáin agus an pobal a chur ar an eolas ar obair agus seirbhísí na Roinne agus a misin thar lear agus cabhrú le híomhá dearfach d'Éirinn a chur chun cinn thar lear.

**Cuireann An Rannóg Sheirbhísí Chorparáide,** Bainistíocht agus Forbairt Acmhainní Daonna, Airgeadas, Teicneolaíocht Faisnéise, Loistín agus seirbhísí eile do cheanncheathú agus misin ar fáil.

Déanann **An tAonad Feidhmíochta agus Straitéise** athbhreithniú ar oibriúcháin agus córais na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála in Éirinn agus ag a ambasáidí agus oifigí thar lear agus déanann moltaí chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na Roinne a fheabhsú.

Tuairiscíonn **An tAonad Iniúchta agus Meastóireachta** go díreach don Ard-Rúnaí.

*Is féidir tuilleadh eolais faoi struchtúr agus obair na Roinne lena n-áirítear sonraí teagmhála d'Ambasáidí agus Consalacha na hÉireann a fháil ar ár suíomh gréasáin: www.dfat.ie.*

*Tá eolas mionsonraithe faoin gclár Cúnaimh na hÉireann atá á bhainistiú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar fáil ar www.irishaid.gov.ie.*

# IARSCRÍBHINN 3: SUÍOMHANNA MISIN DIOPLÓMAITICIÚLA

| TÍR CHREIDIÚNAITHE PRÍOMHÚLA (SUÍOMH MISIN) | TÍR/TÍORTHA UM CHREIDIÚNÚ TÁNAISTEACH |
|---|---|
| **An Airgintín** (Buenos Aires) | An Bholaiv, An tSile, An Paragua, Uragua |
| **An Astráil (Canberra)** | Fidsí, An Nua-Shéalainn, Oileáin Sholomón |
| **An Astráil** (Sydney – Ard-Chonsalacht) | |
| **An Ostair** (Vín)**1** | |
| **An Bheilg** (An Bhruiséil)**1** | |
| **An Bhrasaíl** (Brasilia) | |
| **An Bhulgáir** (Sóifia) | An tSeoirsia, An Airméin |
| **Ceanada** (Ottawa) | Iamáice, na Bahámaí |
| **An tSín** (Béising) | An Mhongóil |
| **An tSín** (Shang-hai - Ard-Chonsalacht) | |
| **An Chipir** (An Niocóis) | |
| **Poblacht na Seice (Prág)** | An Úcráin |
| **An Dainmhairg** (Cóbanhávan) | An Íoslainn |
| **An Éigipt** (Caireo) | An Iordáin, An Liobáin, An tSúdáin |
| **An Eastóin** (Taillinn) | |
| **An Aetóip** (Addis Ababa)**1** | |
| **An Fhionlainn** (Heilsincí) | |
| **An Fhrainc** (Páras) | Monacó |
| **An Ghearmáin** (Beirlín) | |
| **An Ghréig** (An Aithin) | An Albáin, Poblacht ann tSeirbia |
| **An Suí Naofa 1** | |
| **An Ungáir** (Búdaipheist) | Poblacht Mhontainéagró, Poblacht na Cosaive |
| **An India** (Deilí Nua) | An Bhainglaidéis, Neipeal, Srí Lanca |
| **Iosrael** (Tel Aviv) | |
| **An Iodáil** (An Róimh)**2** | Libya, San Marino |
| **An tSeapáin** (Tóiceo) | |
| **An Chóiré** (Súl) | Daon-Phoblacht Daonlathach na Cóiré ( An Chóiré Thuaidh) |

---

1. 1. Tá an tAmbasadóir i Vín ina Ionadaí Buan ar Eagraíocht Forbartha Tionscail na Náisiúin Aontaithe (UNIDO), ar Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA), Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO), agus Oifig na Náisiúin Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC).
2. Tá an tAmbaradóir sa Bhruiséil ina cheannaire ar an Oifig Idirchaidrimh leis an gComhphairtíocht Síochána.
3. Is é an tAmbasadóir san Aetóip Ionadaí na hÉireann d'Aontas na hAfraice.
4. Tá Ambasadóir don tSuí Naofa bunaithe i mBaile Átha Cliath.
5. Tá an tAmbasadóir sa Róimh creidiúnaithe freisin don Eagraíocht Bia & Talamhaíochta (FAO), an Clár Domhanda Bia (WFP) agus an Ciste idirnáisiúnta um Fhorbairt Talamhaíochta (IFAD).
6. Bunaíodh Caidrimh Dhioplómaitiúla le Maenmar i 2004 maidir le creidiúnú na hÉireann ó Kaula Lumpur. De bhrí go bhfuil caidrimh dhioplómaitiúla 'ina stad', ní dheachaigh an creidiúnú seo ar aghaidh áfach.
7. Tá an tAmbasadóir do Nigéir ina ionadaí d'Éirinn freisin do Chomhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS).

| TÍR CHREIDIÚNAITHE PRÍOMHÚLA (SUÍOMH MISIN) | TÍR/TÍORTHA UM CHREIDIÚNÚ TÁNAISTEACH |
|---|---|
| **An Laitvia (Ríge)** | |
| **Leosóto** (Maseru) | |
| **An Liotuáin** (Vilnius) | An Bheilearúis |
| **Lucsamburg** (Lucsamburg) | |
| **An Mhaláiv** (Lilongwe) | |
| **An Mhalaeisia** (Kuala Lumpur) **2** | An Téalainn |
| **Málta** (Valetta) | |
| **Meicsiceo** (Cathair Mheicsiceo) | Columbia, Cúba, An tSalvadór, Peiriú, Veiniséala |
| **Mósaimbíc** (Mapútó) | Angóla, An Bhotsuáin |
| **An Ísiltír** (An Háig) | |
| **An Nigéir** (Abuja)**3** | Gána, An Libéir, Siarra Leon, Sead, An tSeineagáil |
| **An Iorua** (Osló) | |
| **ECFE** (Páras) | EOECNA |
| **An Pholainn (Varsá)** | |
| **An Phortaingéil** (Liospóin) | Maracó |
| **An Rómáin** (Búcairist) | An Mholdóiv |
| **An Rúis** (Moscó) | An Chasacstáin, An Úisbéiceastáin, An Táidsíceastáin, An Chirgeastáin, An Tuircméanastáin |
| **An Araib Shádach** (Riyadh) | Óman, Éimin, Bairéin |
| **Singeapór** (Singeapór) | Na hOileáin Filipíneacha, An Tíomór-Leste |
| **An tSlóvaic** (An Bhratasláiv) | Poblacht na Macadóine |
| **An tSlóivéin** (Liúibleána) | An Bhoisnia, An Heirseagaivéin, An Chróit |
| **Afraic Theas** (Pretoria) | Daon-Phoblacht an Chongó, Oileán Mhuirís, An tSiombáib |
| **An Spáin** (Maidrid) | Andóra, An Túinéis |
| **An tSualainn** (Stócólm) | |
| **An Eilvéis** (Beirn) | An Ailgéir, Lichtinstéin |
| **An Tansáin** (Dárasalám) | An Bhurúin, An Eiritré, An Chéinia |
| **An Tuirc** (Ankara) | An Asarbaiseáin |
| **Aontas na nÉimiríochtaí Arabacha** | An Afganastáin, Cuáit, Catar |
| **Uganda** (Kampala) | Ruaindis |
| **RA** (Londan) | |
| **RA** (Dún Éideann – Ard-Chonsalacht) | |
| **Stáit Aontaithe Mheirceá** (Washington) | |
| **SAM** (Atlanta – Ard-Chonsalacht) | |
| **SAM** (Bostún – Ard-Chonsalacht) | |
| **SAM** (Chicago – Ard-Chonsalacht) | |
| **SAM** (Nua Eabhrach – Ard-Chonsalacht) | |
| **SAM** (San Francisco - Ard-Chonsalacht) | |
| **Vítneam** (Hanáí) | An Chambóid, Laos |
| **An tSaimbia** (Lusaka) | An Namaib |
| **Tíortha le Creidiúnú Neamhshiméadrach le hÉirinn** *Tíortha a bhfuil Ambasadóir ceaptha acu d'Éirinn ach nach bhfuil Ambasadóir ceaptha ag Éirinn dá dtíortha.* | An Iaráic, Hondúras, Nicearagua, Buircíne Fasó, An Gaimbia, Cote d'Ivoire, An Phoblacht Dhoiminiceach, An Ghabúin, Poblacht na Guine. |

## MISIN ILTAOBHACHA

| MISEAN | SUÍOMH |
|---|---|
| **Buanionadaíocht Éireann don Aontas Eorpach (AE)**<br>**Toscaireacht Éireann do Choiste Poilitiúla agus Slándála an Aontais Eorpaigh** | An Bhruiséil |
| **Oifig Theagmhála na hÉireann don Chomhpháirtíocht Síochána** | An Bhruiséil |
| **Buanionadaíocht Éireann do Chomhairle na hEorpa** | Strasbourg |
| **Buanmhisean na hÉireann don Eagraíocht um Shlándáil agus Comhoibriú san Eoraip (ENASCE)** | Vín |
| **Buanmhisean na hÉireann do na Náisiúin Aontaithe (NA)** | An Ghinéiv |
| **Buanmhisean na hÉireann do na Náisiúin Aontaithe (NA)** | Nua Eabhrach |
| Cothaítear Caidrimh Dhioplómaitiúla leis na tíortha seo a leanas trí Bhuanmhisean na Náisiúin Aontaithe i Nua Eabhrach: ***Antigua agus Barbúda, Barbadós, An Bheilís, Camarún, Poblacht an Chongó, Cósta Ríce, Doiminice, Djibouti, Eacuadór, Guatamala, Guine-Bissau, An Ghuáin,Cireabaiti, Oileáin Mhaildíve, Stáit Chónaidhme na Micrinéise, Nárúis, Niger, Palau, Panama, Samó, Na Séiséil, Saint Lucia, Oileán na Trionóide agus Tobága, Tuvalu, Vanuatú, Éimin.*** | |

## OIFIGÍ EILE

| MISEAN | SUÍOMH |
|---|---|
| **Comhrúnaireacht Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas** | Ard Mhaca |
| **Comhrúnaireacht Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann** | Béil Feirste |
| **Oifig Ionadaíoch don Údarás Phailistíneach** | Ramallah |
| **Oifig Chúnaimh na hÉireann** | Dili, Tíomór-Leste |
| **Oifig Chúnaimh na hÉireann** | Freetown, Siarra Leon |

# IARSCRÍBHINN 4: TIOMANTAIS BAINTEACH LEIS AN RGET SA CHLÁR RIALTAIS 2011-2016

| IARSCRÍBHINN 4: TIOMANTAIS BAINTEACH LEIS AN RGET SA CHLÁR RIALTAIS 2011-2016 |
| --- |
| Cuir tús le straitéis fadtéarmach chun margaidh nua a fhorbairt in eacnamaíochtaí éiritheacha. |
| Cuirfimid Comhairle Trádála Onnmhuiríochta ar bun chun comhoibriú agus comhordú trasna príomhranna agus áisíneachtaí go léir bainteach le cur chun cinn agus forbairt trádála agus onnmhuiríochta a mbeidh a mballríocht roinnte go cothrom idir ionadaithe rialtais agus na rannóige príobháidí ag a bhfuil taithí gnó bunaithe ar onnmhuiríocht atá a bhunú agus a fhorbairt. |
| Cuirfimid Éire i dtreo caidrimh trádála níos fearr a fhorbairt le heacnamaíochtaí éiritheacha lena n-áirítear foirne infheistíochta agus trádála áitiúla a bhunú. Forghníomhóidh na foirne seo plean margaidh áitiúil mhionsonraithe le dul chun cinn i gcoinne spriocanna arna n-athbhreithniú go bliantúil. |
| Forbróimid naisc dhioplómaitiúla agus chultúrtha le margaidh éiritheacha lena n-áirítear scéim scoláireachta. |
| Forbróimid go gníomhach easpórtáil na seirbhísí oideachais. |
| Cuirfimid i bhfeidhm de réir a chéile na moltaí Trádála agus Infheistíochta i dTuarascáil na hEacnamaíochta Cliste. |
| Molaimid go mbeidh an tseachtain ina dtitfidh an 9 Bealtaine "Lá Eorpa" ina hócáid do dhíospóireacht pharlaiminte ar feadh seachtaine ar thosaíochtaí na hÉireann laistigh den AE. Déanfaidh an díospóireacht athbhreithniú ar an dul chun cinn náisiúnta um chlár oibre na bliana reatha a chur i bhfeidhm agus díreoidh ar shaincheisteanna móra cúraim d'Éirinn a aithint le cur san áireamh ar Dhréachtchlár oibre an AE na bliana ina dhiaidh sin. [Treoraíonn RGET ar an bPiléar Caidrimh Sheachtracha amháin] |
| Tabharfar aird ar an tseirbhís phasanna a aistriú ón Roinn Gnóthaí Eachtracha go dtí an Roinn Dlí agus Cirt. |
| Déanfaimid a chinntiú go gcabhraíonn ár líonra dioplómaitiúil le deisiú ár gcáil trí chur chuige trédhearcach agus freagrach chun infheistíocht isteach a bhuachan agus athghlaoimid Ambasadóirí na hÉireann laistigh de 100 lá den rialtas nua seo do threoracha ar chur chuige nua um Éire a chur chun cinn agus í a mhargadh mar thír le gnó a dhéanamh inti. |
| Déanfaimid athbhreithniú ar Pháipéar Bán 2006 ar Chúnamh Forbartha Thar Lear. |
| In amanna géarchéimeanna daonnúla aontóimid ENR a chuireann cúnamh daonnúil ar fáil chun meicníocht achomhairc shingil a chruthú do bhailiú cistí náisiúnta agus freagairt phoiblí. Déanfaidh é seo poiblíocht don chúis a uasmhéadú, cistí éigeandála a fháil agus scaipeadh comhordaithe cúnamh éigeandála éifeachtaigh a chinntiú . Tabharfaidh an Stát tacaíocht airgeadais do na ENR seo ina |

| |
|---|
| bhfreagairt. |
| Táimid tiomanta don sprioc 0.7% de OTN do Chúnamh Forbartha Thar Lear. Iarrfaimid é seo a bhaint amach roimh 2015. |
| Cuirfimid Éire go háirithe aerfort na Sionainne i suíomh inar féidir léi a bheith ina mol idirnáisiúnta do stóráil agus dáileadh soláthracha daonnúla éigeandála. |
| Iarrfaimid Cór Sibhialta a bhunú a bhféadfadh ligean do roinnt iarrthóirí poist a scileanna i dtíortha neamhfhorbartha a úsáid agus a roinnt fad is ag coinneáil siar cuid de leasa iarrthóra phoist. |
| Tacaimid le cur i bhfeidhm iomláin Chomhaontas Aoine an Chéasta agus Comhaontas Naomh Aindrias. |
| Cuirfimid cosc i bhfeidhm ar úsáid aerspás na hÉireann, aerfoirt agus áiseanna bainteacha chun críocha nach bhfuil de réir mar atá sa dlí idirnáisiúnta. |
| Tiomanta d'fhoilsiú agus gníomhú ar mholtaí an chéad Athbhreithnithe na gComhlachtaí Chur chun Feidhme Thuaidh/Theas agus Réimsí Comhoibrithe; agus cuirfimid an dara hAthbhreithniú chun cinn a aithneoidh réimsí nua do chomhoibriú Thuaidh/Theas. |
| Oibriú do chomhoibriú eacnamaíoch níos mó chun an próiseas aisghabhála agus cruthaithe postanna ar an oileán seo a thapú. |
| Ní féidir an bhagairt ó ghrúpaí parlaiminte easaontach a mheas faoina gcumas. Cothóimid na caidrimh láidre leanúnacha idir An Garda Síochána agus an tSeirbhís Phóilíneachta i dTuaisceart Éireann chun déileáil leis an mbagairt agus déanfaimid na hacmhainní riachtanacha chun déileáil leis na grúpaí seo a chinntiú. |